Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0009(COD)**

**10485/23**
**ADD 1**

**CODEC 1094**
**CORDROGUE 61**
**SAN 364**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1920/2006 **(an chéad léamh)**<br>Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ungáir**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus mar chomhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. San Ungáir, ní féidir sonraí a bhailiú ach amháin bunaithe ar ghnéas bitheolaíoch. Mar thoradh air sin, léirmhíníonn an Ungáir an próiseas bailithe sonraí sa chomhthéacs sin, ag tagairt do ghnéas bitheolaíoch, sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh.